C/2025/3140

2.6.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3140)

FORMEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Costières de Nîmes'

PDO-FR-A0161-AM03 — 19.3.2025

1. **Ainm an táirge**

'Costières de Nîmes'

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

☒ Ainmniuchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Bia, Iascaigh, Gnóthaí Tuaithe agus Pleanáil um Úsáid Talún

Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta, an Agraibhia agus an Bheartais Réigiúnaigh

An Oifig um Fhíonta agus Deochanna Eile

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143. Is é is cúis leis sin nach meastar gur leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe sin de réir bhrí Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143. Go sonrach:

(a) ní leasaítear leo an t-ainm, úsáid an ainm, ná na táirgí ná na catagóirí táirge arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtuairiscítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Cineálacha fíniúna*

Leasaíodh Caibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ATFC 'Costières de Nîmes'i bpointe V, 'Cineálacha fíniúna', trí a leanas a chur isteach:

— na cineálacha Montepulciano N agus Morrastel N chun fíonta dearga agus fíonta *rósé* a tháirgeadh;

— na cineálacha Piquepoul blanc B, Souvignier gris Rs agus Tourbat B chun fíonta geala a tháirgeadh.

Áiríodh na cineálacha sin sa tsonraíocht táirge chun críoch oiriúnaithe. I gcomhthéacs an téimh dhomhanda, cuireann na cineálacha sin frithsheasmhacht níos mó ar fáil in aghaidh triomaigh, gan próifíl orgánaileipteach na bhfíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán a athrú. Ós rud é gur cineálacha iad a áiríodh chun críoch oiriúnaithe, d'fhéadfadh gurb iad na cineálacha sin a bheadh in suas le 5 % de na cineálacha fíniúna ar ghabháltais agus in suas le 10 % de cumaisc.

Cuireadh na cineálacha sin leis an liosta de chineálacha fíonchaor sa doiciméad aonair.

2. *Forálacha agra-chomhshaoil*

Leasaíodh Caibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ATFC 'Costières de Nîmes' i bpointe VI – 'Aire a thabhairt d'fhíonghoirt' – trí mhodhanna fáis agra-chomhshaoil a chur isteach lena gcaomhnaítear saintréithe an chomhshaoil fhisicigh agus bhitheolaíoch, rud atá ina bpríomhghné den *terroir* a chumhdaítear leis an ainmniúchán.

Cuireadh na forálacha sin leis an doiciméad aonair freisin, faoi 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Costières de Nîmes

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta socra iad fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán 'Costières de Nîmes' agus bíonn siad dearg, *rosé* nó geal. I gcás na bhfíonta dearga, bíonn an cion aigéid mhalaigh níos lú ná 0,4 g/l nó cothrom leis ag céim an phacáistithe. - Ag céim an phacáistithe, bíonn an méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta níos lú ná nó cothrom leis na luachanna seo a leanas: Fíonta dearga ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte nach mó ná 14 %: 3 g/l Fíonta dearga ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos mó ná 14 %: 4 g/l - Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte ag na fíonta. - Tar éis an choipthe mhalalachtaigh, bíonn déine datha mhodhnaithe ag na fíonta dearga atá níos mó nó cothrom le 6. - Is i reachtaíocht an Aontais a leagtar síos méideanna na haigéadachta iomláine agus na haigéadachta luainí i gcás na bhfíonta dearga. - Is as na cineálacha Grenache noir N, Mourvèdre N agus Syrah N is

mó a tháirgtear na fíonta dearga. Déantar na fíonta dearga as na cineálacha Grenache N agus Syrah N, agus thar aon ní eile, is toradh iad ar shaineolas na ndéantóirí fíona. Bíonn dea-bholaithe torthaí dearga ag na fíonta óga agus baineann acmhainneacht aosaithe mheánach leo, rud a fhágann go dtagann mionbholaithe níos spíosraí agus níos plandúla chun cinn sna dea-bholaithe níos déanaí. Baineann na fíonta galánta ach dea-struchtúrtha sin le fine mhór fíonta Ghleann Rhône.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 140

2. *Fíonta rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

— Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte ag na fíonta. - Ag céim an phacáistithe, bíonn an méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta níos lú ná nó cothrom leis na luachanna seo a leanas: 4 g/l - Bíonn déine datha mhodhnaithe níos lú nó cothrom le 2 ag na fíonta *rosé*. - Tá na caighdeáin maidir le haigéadacht luaineach agus dé-ocsaíd sulfair i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, mar atá na critéir anailíseacha eile. - Is as na cineálacha Grenache noir N, Mourvèdre N agus Syrah N is mó a tháirgtear na fíonta *rosé*. Bíonn dath gléineach ar na fíonta *rosé* den chuid is mó, iad an-úr ach tathagach, agus marthanacht mhaith aramatach san iarbhlas atá orthu. Bíonn dea-bholaithe de thorthaí dearga beaga agus de thorthaí triomaithe orthu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 14.28

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 180

3. *Fíonta geala*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

— Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte ag na fíonta. - Ag céim an phacáistithe, bíonn an méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta níos lú ná nó cothrom leis na luachanna seo a leanas: 4 g/l - Tá na caighdeáin maidir le haigéadacht luaineach agus dé-ocsaíd sulfair i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, mar atá na critéir anailíseacha eile. - Is as na cineálacha Grenache blanc B, Marsanne B agus Roussanne B a dhéantar na fíonta geala go príomha. Is fíonta dea-chothromaithe bríomhara iad sin, lena ngabhann dea-bholaithe bláthacha a thugann bláthanna bána chun cuimhne, agus dea-bholaithe torthaíocha a thugann torthaí citris agus torthaí bia bháin chun cuimhne.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 14.28

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 180

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Modh fáis

Dlús:

Is é dlús plandála íosta na bhfíniúnacha 4 000 planda in aghaidh an heicteáir. Ní bheidh an spásáil idir na sraitheanna níos mó ná 2,50 m, agus ní mór an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,8 m ar a laghad.

Ní bheidh an t-achar atá ar fáil do gach planda níos mó ná 2,5 m^2. Faightear an t-achar dromchla sin tríd an spásáil idir na sraitheanna a iolrú faoin spásáil idir na plandaí.

Prúnáil:

— Déantar an phrúnáil roimh an 1 Bealtaine.

— Déantar na fíniúnacha a phrúnáil le prúnáil ghearr, agus sé spor ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist. Bíonn dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor. Fíniúnacha a threoraítear trí úsáid a bhaint as córas thródam Royat, áfach, is féidir10 spor ar a mhéad in aghaidh an phlanda a bheith ann chun iad a phrúnáil, agus bachlóg amháin ar gach spor.

— Is féidir prúnáil Guyot aonair a úsáid le haghaidh na gcineálacha Syrah N agus Viognier B, agus 10 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda a bheith ann, nach mbíonn níos mó ná sé cinn díobh ar an gcána, agus spor ionaid amháin nó dhó ar a mbíonn dhá bhachlóg ar a mhéad an ceann.

Is féidir uisciú a údarú.

Forálacha agra-chomhshaoil:

Chun saintréithe na hithreach a chaomhnú, rud atá ina bpríomhghné den *terroir*:

— toirmisctear srianadh ceimiceach fiaile agus srianadh meicniúil fiaile ar na cinnfhearainn;

— toirmisctear srianadh ceimiceach fiaile iomlán a dhéanamh ar na dáileachtaí talún;

— tá leathadh nítrigine mianraí sintéisí teoranta do 30 aonad in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana;

— toirmisctear mótú plaisteach a úsáid i bplandáil;

— toirmisctear ithir eisginiúil a chur ar dháileachtaí talún laistigh den limistéar dáileachta talún críochaithe. Ciallaíonn ithir eisginiúil ithir nach dtagann ó limistéar dáileachta talún críochaithe an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Costières de Nîmes’;

— Toirmisctear aon athrú substaintiúil ar mhoirfeolaíocht na fo-ithreach, na barrithreach nó eilimintí lena ráthaítear sláine agus inbhuanaitheacht ithreacha dáileachta talún atá beartaithe do tháirgeadh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, cé is moite de threabhadh trinse coitianta.

2. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Maidir le fíonta *rosé* a tháirgeadh, ceadaítear gualach fíonóireachta a úsáid le haghaidh úrfhíonta agus fíonta nua atá fós faoi choipeadh tar éis brú, gan dul thar 20 % de thoirt iomlán an fhíona *rosé* a tháirgeann an déantóir fíona le haghaidh aon bhuana ar leith.

I dteannta na forála thuas, ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha a leantar na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí a chomhlíonadh.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíonta dearga agus fíonta *rosé*

66 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta geala

70 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar buaint na bhfíonchaor agus déantar fíonóireacht agus táirgeadh na bhfíonta sna bardais seo a leanas de chuid roinn Gard, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2023: Aubord, Beaucaire, Beauvoisin, Bellegarde, Bernis, Bezouce, Bouillargues, Le Cailar, Caissargues, Garons, Générac, Jonquières-Saint-Vincent, Lédenon, Manduel, Meynes, Milhaud, Nîmes, Redessan, Rodilhan, Saint-Gilles, Sernhac, Uchaud, Vauvert, Vestric-et-Candiac.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Bourboulenc B - Doucillon blanc

Carignan N

Cinsaut N – Cinsault

Clairette B

Grenache N

Grenache blanc B

Macabeu B - Macabeo

Marsanne B

Marselan N

Montepulciano

Morrastel N – Minustellu, Graciano

Mourvèdre N – Monastrell

Piquepoul blanc B

Roussanne B

Souvignier Gris Rs

Syrah N – Shiraz

Tourbat B

Vermentino B – Rolle

Viognier B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc):**

8.1. *Sonraí an limistéir gheografaigh*

An téarma '*costière*' as a bhfuair limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Costières de Nîmes' a ainm, is comhartha é den ardchlár clochach a bhíonn réchnocach uaireanta, é suite idir an Vistrenque – logán Nîmes atá taobh le hAbhainn Vistre – ar an taobh thiar thuaidh, machairí Gardon agus Rhône ar an taobh thoir, agus machaire Camargue ó dheas. Is sraith de chnoic bheaga atá ann, síneann an t-ardchlár ón oirthuaisceart go dtí an iardheisceart thar 40 km agus tá sé thart ar 15 km ar leithead. Dá bhrí sin, tá an limistéar geografach teoranta do chríoch 24 bhardas i roinn Gard.

Aeráid na Meánmhara atá ann, faightear neart gréine ann (2 700 uair an chloig in aghaidh na bliana ar an meán) agus bíonn tréimhse fo-thriomaigh sa samhradh. Bíonn tionchar ag an Mistral ar an aeráid, gaoth aduaidh fhuar thirim, ar minic fíochmhar í, agus a shéideann trí Ghleann Rhône, ach tairbhíonn an limistéar freisin de leoithní farraige fionnuara ón Camargue in aice láimhe, leoithní a shéideann trasna an ardchláir trí bhíthin comhiompair, agus an t-aer ag ardú de réir mar a dhéanann an ithir chlochach é a théamh. Méadaíonn éifeacht mhaolaithe na leoithní sin an éagsúlacht idir teochtaí i rith an lae agus i rith na hoíche.

Sa tréimhse Threasach dhéanach agus sa tréimhse Cheathartha luath, bhí gréasán d'aibhneacha cumhachtacha in abhantrach Rhône a d'iompair méid nach beag ábhar, ábhair atá le fáil sa lá atá inniu ann mar shraitheanna púróg atá fite fuaite le cré dhearg ghainmheach. Is é an leibhéal sin is airde agus, dá bhrí sin, is é is sine, is é an chuid is mó den ardchlár agus is é a thugann a uathúlacht dó, d'ainneoin mhéid an ardchláir, agus sin a thuill dó teideal an 'léibheann Villeafrancach' is mó san Eoraip. Tá doimhneacht éagsúil san ithir, tá sí an-chlochach, agus tá imireacha dearga éagsúla inti, ag brath ar insíothlú na cré le uisce sreabhadh de dhroim talún. Tá cúlchistí maithe uisce inti (cé nach bhfuil siad iomarcach) agus téann sí go tapa.

8.2. *Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge*

Sna 1920idí, chruthaigh táirgeoirí aontas chun limistéar táirgeachta fhíonta 'Costières' a shainiú. Mar thoradh air sin, iarradh aitheantas mar fhíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Fíon teormharcáilte d'ardcháilíocht' i mí Iúil 1942, agus tugadh aitheantas mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe dó in 1986, faoin ainm 'Costières du Gard' ar dtús, agus ó bhí 1989 ann faoin ainm 'Costières de Nîmes', i ndiaidh an léibhinn is bonn leis an limistéar geografach.

Mar léiriú ar aistriú idir réigiún Languedoc agus Gleann Rhône, arb é an chuid is faide ó dheas de, cumhdaíonn limistéar an fhíonghoirt thart ar 4 500 ha agus táirgtear ansin 220 000 hl ar an meán, arb é atá sa táirgeadh sin fíonta dearga (55 % den táirgeadh), fíonta *rosé* (40 % den táirgeadh) agus, ar leibhéal níos lú, fíonta geala. Tá na fíonta sin á dtáirgeadh ag 15 chomharchumann fíona agus thart ar 100 siléar faoi úinéireacht phríobháideach.

Díoltar an ceathrú cuid den mhéid a tháirgtear lasmuigh den Fhrainc, agus díoltar beagnach leath de sin lasmuigh den Aontas Eorpach, le Ceanada den chuid is mó.

8.3. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Ag baint tairbhe as stair agus as suíomh geografach uathúil, idir dhá thobar sibhialtachta fíonóireachta, Languedoc agus Provence, teorannaithe ag cathracha atá báite sa stair agus sa chultúr, amhail Nîmes, Beaucaire nó Saint-Gilles, ag bun iomairí na hÚgóine,, agus fréamhaithe go daingean sa ghné lena n-aontaítear é, an 'léibheann Villeafrancach', cuireann an t-ardchlár 'costière' na heilimintí uile ar fáil a chuir ar a gcumas do dhéantóirí fíona úrnuacht modha táirgthe atá bunaithe ar shaineolas traidisiúnta agus a fhéachann le cáilíocht an fhíona a bharrfheabhsú a chur i dtábhacht.

Tá gnéithe ag na tosca nádúrtha a léirítear leis an modh táirgthe sin atá le fáil san acmhainneacht barr a chaomhnaíonn saothróirí fíniúna, go háirithe trí na rialacha maidir le buaint agus iompar an bhairr a leagtar síos sa tsonraíocht táirge.

Tá na dáileachtaí talún atá críochaithe go sonrach chun na fíonchaora a bhuain suite ar an léibheann, a bhfuil gairbhéal Villeafrancach, ar a dtugtar 'Gress' go háitiúil, fite fuaite le maitrís ghainimh. Baineann na dáileachtaí talún sin leas as na dálaí draenála is fearr agus as an gcoinneáil uisce is fearr a bhuí le stratam créúil, ar a dtugtar 'Gapans' go háitiúil, a bheith ann go minic, rud a áirithíonn gur féidir leis na plandaí leanúint de bheith ag fás le linn thréimhsí teo tirime an tsamhraidh.

Stórálann sraith na bpúróg – roinnt méadar ar doimhneacht uaireanta – an teas sa lá agus scaoileann sí san oíche é. Cruthaíonn an t-ardú sa teocht in aghaidh an lae difríocht teochta, rud a threisíonn an éifeacht chomhiompair agus a tharraingíonn isteach leoithní farraige ón Camargue. Leis an éagsúlacht mhéadaithe sin sa teocht, ar gné d'aeráid an limistéir gheografaigh í, caomhnaítear úire agus castacht aramatach, fad a chuidíonn aeráid the thirim an tsamhraidh leis na fíonchaora aibiú go hiomlán. Le meascán na dtosca nádúrtha sin, mar aon le minicíocht an Mistral, lena n-áirithítear tiúchan mhéid siúcra na bhfíonchaor agus lena gcuirtear teorainn le forbairt galar fungasach, cuirtear le leanúnachas tháirgeadh an fhíona sa limistéar geografach.

Ag baint leas as limistéar dáileachta talún atá críochaithe go cúramach agus as cineálacha fíniúna traidisiúnta, athstruchtúraithe, d'éirigh le táirgeoirí úrnuacht a dtáirgthe a chaomhnú trína saineolas comhchoiteann a mhalartú, agus an tráth céanna d'éirigh leo indibhidiúlacht a chur in iúl.

Chun íomhá a bhfíonta a fheabhsú tríd an limistéar geografach a chosaint agus feasacht a mhúscailt maidir le cáilíocht a saineolais agus an limistéir fíonghoirt, chun an timpeallacht maireachtála a bhainistiú tríd an tírdhreach a úsáid mar uirlis chun an limistéar táirgeachta a fhorbairt agus a fheabhsú, agus chun na hacmhainní nádúrtha a chaomhnú trí éagsúlacht flóra agus fána a choinneáil ar bun, bhunaigh na comhpháirtithe ábhartha uile Cairt Tírdhreacha agus Chomhshaoil a síníodh an 5 Iúil 2007 agus a aithníodh laistigh de Chairt Idirnáisiúnta Fontevraud i mí an Mhárta 2009.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú le haghaidh fhíonóireacht agus tháirgeadh na bhfíonta, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2023:

— Roinn Bouches-du-Rhône: Arles, Saintes-Maries-de-la-Mer, Tarascon;

— Roinn Gard: Aigues-Mortes, Aigues-Vives, Aimargues, Boissières, Cabrières, Calmette, Caveirac, Clarensac, Codognan, Collias, Comps, Dions, Estezargues, Fournès, Fourques, Gajan, Langlade, Marguerittes, Montfrin, Nages-et-Solorgues, Parignargues, Poulx, Remoulins, Rouvière, Sainte-Anastasie, Saint-Bonnet-du-Gard, Saint-Gervasy, Saint-Hilaire d'Ozilhan, Saint-Laurent-d'Aigouze, Vergèze, Vers-Pont-du-Gard.

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

(a) Is féidir ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith ar lipéid fíonta atá incháilithe don ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— is suíomh cláraithe é;

— tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

(b) Is féidir an t-aonad geografach níos leithne 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a shonrú ar lipéid fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí éagsúla cosanta agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile, ní mór í a phriontáil i gcarachtair a bhfuil an dearadh grafach céanna agus an dath céanna orthu agus atá ar an ainmniúchán, agus ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-61f707a5-34f0-4686-a4de-e86866e02100